Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9936/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0068 (COD)**

**SOC 392**
**EMPL 261**
**ECOFIN 714**
**EDUC 225**
**JEUN 125**
**CODEC 756**
**IA 63**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le gnáthchaidrimh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a chomhrac ('An Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna')<br>- *Cur chuige ginearálta* |

## I. RÉAMHRÁ

An 20 Márta 2024 thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh treoir maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le gnáthchaidreamh fostaíochta atá faoi bhréagriocht tréimhsí oiliúna a chomhrac ('An Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna')[1]. Foilsíodh an togra seo mar phacáiste in éineacht le togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta treisithe le haghaidh Tréimhsí Oiliúna agus a chuirtear in ionad an Mholta ón gComhairle an 10 Márta 2014 maidir le Creat Cáilíochta le haghaidh Tréimhsí Oiliúna[2].

[1] 2024/0068 (COD)
[2] 2024/0069 (NLE)

Sular tíolacadh an 'pacáiste maidir le Tréimhsí Oiliúna', tíolacadh rún ó Pharlaimint na hEorpa ann ón 14 Meitheamh 2023[3] inar iarradh ar an gCoimisiún Moladh ón gComhairle an 10 Márta 2014 maidir leis an gcreat cáilíochta le haghaidh tréimhsí oiliúna a thabhairt cothrom le dáta agus é a neartú.

Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Treorach, féachtar leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) feabhas a chur ar dhálaí oibre na n-oiliúnaithe, trína áirithiú go gcaitear go cothrom leo ó thaobh dálaí oibre de, lena n-áirítear pá, i gcomparáid le gnáthfhostaithe, ach amháin má tá údar maith le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla (Caibidil II);

(2) trí bhíthin rialuithe agus cigireachtaí, cásanna a chomhrac ina n-úsáidtear tréimhsí oiliúna chun caidrimh fostaíochta a chur faoi bhréagriocht (Caibidil III);

(3) dálaí oibre na n-oiliúnaithe a fhorfheidhmiú, trí chead a thabhairt d'ionadaithe na n-oibrithe a bheith rannpháirteach thar ceann oiliúnaithe chun a gcearta a áirithiú agus trí bhealaí a chur ar fáil d'oiliúnaithe chun míchleachtas a thuairisciú (Caibidil IV).

Maidir leis an mbunús dlí atá beartaithe, Airteagal 153(2)(b), i gcomhar le hAirteagal 153(1)(b) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá sé de cheangal ar an gComhairle gníomhú le Parlaimint na hEorpa i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

Níor ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh go fóill.

Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an tuairim uaidh ag an seisiún iomlánach a bhí aige an 11 Iúil 2024[4].

Ghlac Coiste na Réigiún an tuairim uaidh ag an seisiún iomlánach a bhí aige an 7 Deireadh Fómhair 2024[5].

3 https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2023-0239_GA.html
4 12342/24
5 15673/24

## II. AN OBAIR SA CHOMHAIRLE

Tíolacadh an togra ón gCoimisiún le haghaidh treoir maidir le tréimhsí oiliúna agus cuireadh an scrúdú ar airteagal i ndiaidh airteagail i gcrích le linn Uachtaránacht na Beilge. Go ginearálta, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an aidhm fhoriomlán feabhas a chur ar cháilíocht na dtréimhsí oiliúna, agus castacht an togra á haithint ag an am céanna, i bhfianaise chineál trasghearrtha an togra agus an tionchair a d'fhéadfadh a bheith aige ar chórais náisiúnta tréimhsí oiliúna.

Faoi Uachtaránacht na hUngáire, tháinig an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta le chéile ceithre huaire chun na leaganacha den téacs comhréitigh a phlé agus chun an obair a chur chun cinn i dtreo cur chuige comhroinnte le haghaidh na Treorach atá beartaithe. D'iarr Uachtaránacht na hUngáire freisin ar Coreper an 6 Samhain 2024 treoir pholaitiúil a chur ar fáil i dtaca le dhá shaincheist athfhillteacha le linn an phlé ar an leibhéal teicniúil, eadhon raon feidhme na Treorach atá beartaithe agus conas dul i ngleic le cásanna ina n-úsáidtear tréimhsí oiliúna chun caidrimh fostaíochta a chur faoi bhréagriocht.. Bunaithe ar an treoir a chuir Coreper ar fáil, chuir Uachtaránacht na hUngáire téacs comhréitigh nua faoi bhráid Chomhairle EPSCO an 2 Nollaig 2024, ach ní raibh tromlach leordhóthanach ann chun teacht ar chur chuige ginearálta.

Ghlac Uachtaránacht na Polainne seilbh ar an gcomhad agus chuir sí tús arís leis an gcaibidlíocht ar an leibhéal teicniúil. Le linn Uachtaránacht na Polainne, tháinig an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta le chéile cúig huaire, ar dtús chun machnamh a dhéanamh ar threo na hoibre a dhéanfar amach anseo ar an Treoir atá beartaithe agus, ina dhiaidh sin, chun leanúint den obair ar théacs comhréitigh chun teacht ar chur chuige coiteann. Le roinnt míonna anuas, díríodh sa phlé go háirithe ar an raon feidhme, ar na sainmhínithe, agus ar conas tréimhsí oiliúna bréagacha a chomhrac. I ngach leagan den téacs, d'fhéach an Uachtaránacht le tuilleadh soiléireachta dlíthiúla a thabhairt isteach agus thug sí aghaidh ar na saincheisteanna agus ar na hábhair imní a bhí fós gan réiteach agus a bhí curtha in iúl ag na toscaireachtaí.

D'ullmhaigh an Uachtaránacht téacs comhréitigh bunaithe ar an ionchur uile a chuir na toscaireachtaí ar fáil le bliain anuas, agus cuireadh sin i láthair ag an Meitheal um Cheisteanna Sóisialta an 2 Meitheamh 2025. Ag eascairt as na barúlacha a chuir na toscaireachtaí in iúl, d'ullmhaigh an Uachtaránacht téacs comhréitigh agus cuireadh faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe (Cuid I) é le haghaidh an chruinnithe a bhí le bheith aige an 11 Meitheamh 2025 d'fhonn ullmhú do chur chuige ginearálta do Chomhairle EPSCO an 19 Meitheamh 2025.

Ag an gcruinniú a bhí aige an 11 Meitheamh 2025, scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe (Cuid I) an téacs comhréitigh. Cé nach raibh tacaíocht leordhóthanach don téacs comhréitigh le linn an chruinnithe, chomhaontaigh an Coiste an comhad a chur faoi bhráid Chomhairle EPSCO an 19 Meitheamh 2025 d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta.

Leagtar amach an téacs comhréitigh críochnaitheach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo agus níl aon athrú air ón téacs comhréitigh (9574/25) a cuireadh faoi bhráid Choiste na mBuanionadaithe (Cuid I).

Tar éis na hoibre móire a rinneadh le linn na caibidlíochta ag céim an togra, measann an Uachtaránacht go bhfuil freagairt, sa téacs comhréitigh a chuirtear i láthair san Iarscríbhinn, ar na hábhair imní agus ar na saincheisteanna uile a chuir na toscaireachtaí in iúl agus atá fós gan réiteach. Dá bhrí sin, cuireann an Uachtaránacht an téacs ar aghaidh mar chomhréiteach cothrom lena léirítear seasamh comhroinnte na Comhairle.

## III. AN TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

Léirítear sa téacs comhréitigh deiridh an plé agus an obair a rinneadh sa Chomhairle le bliain anuas. Áirítear ann forálacha tábhachtacha chun dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus déantar foráil ann maidir le huirlisí éifeachtacha chun tréimhsí oiliúna bréagacha a chomhrac.

***Caibidil I: Forálacha ginearálta***

Leagtar síos i gCaibidil I creat ginearálta na Treorach atá beartaithe. Leagtar amach ann an t-ábhar, airteagal nua maidir leis an raon feidhme agus na sainmhínithe.

***Ábhar***

Tá dhá chuspóir leis an Treoir: dálaí oibre na n-oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú faoi raon feidhme na Treorach seo (Caibidlí II agus IV) agus tréimhsí oiliúna bréagacha a chomhrac (Caibidil III). Rinneadh teideal na Treorach atá beartaithe a choigeartú dá réir chun an dá chuspóir a léiriú.

***Raon feidhme***

Tar éis do na toscaireachtaí a iarraidh go soiléireofaí cé na cineálacha oiliúnaithe agus tréimhsí oiliúna a chumhdaítear leis an Treoir atá beartaithe, áirítear sa téacs Airteagal 1a nua chun an raon feidhme a shonrú. Ailínítear cuspóirí na Treorach atá beartaithe lena raon feidhme pearsanta. Sa mhéid sin, bunaítear in Airteagal 1a, ar Airteagal nua é, go mbeidh feidhm ag Caibidlí II agus IV den Treoir atá beartaithe maidir le hoiliúnaithe a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta acu mar a shainmhínítear sa dlí náisiúnta, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas, agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh, agus nach bhfuil a dtréimhse oiliúna éigeantach ná nach dtugtar fúithi mar chuid de bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair.

Mar a mhínítear in Aithris 16b nua, eisiatar ó raon feidhme Chaibidlí II agus IV na tréimhsí oiliúna a dhéantar mar chuid de bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair, toisc go mbíonn creataí rialála sonracha acu atá ceaptha chun cuspóirí áirithe sóisialta agus margaidh saothair a bhaint amach, mar shampla cuimsiú sóisialta, agus toisc go bhfuil na cineálacha sin tréimhsí oiliúna faoi réir formhaoirseacht phoiblí laistigh de na creataí sin.

Ina theannta sin, sonraítear in Airteagal 1a freisin go bhfuil feidhm ag Caibidil III den Treoir atá beartaithe maidir le haon duine atá i mbun tréimhse oiliúna bréagach.

Thairis sin, soiléirítear in Airteagal 1a freisin nach gcumhdaítear leis an Treoir atá beartaithe tréimhsí oiliúna a dhéantar faoin gcreat náisiúnta oideachais nó oiliúna, mar gheall ar na creataí rialála sonracha atá acu agus na leasanna poiblí a shaothraíonn siad. Ionchorpraítear sa téacs Aithris 16a A nua chun samplaí sonracha de na cineálacha sin tréimhsí oiliúna a shonrú.

Chun a áirithiú go n-urramófar leis an Treoir atá beartaithe éagsúlacht na gcóras náisiúnta tréimhsí oiliúna, mínítear in Airteagal 11(3) nach bhforchuireann an Treoir aon oibleagáid ar na Ballstáit caidreamh fostaíochta sonrach a thabhairt isteach d'oiliúnaithe sa dlí náisiúnta.

***Sainmhínithe***

Tugtar aghaidh sa téacs ar na hábhair imní a chuir roinnt mhaith toscaireachtaí in iúl maidir leis an easpa comhsheasmhachta agus soiléireachta sna sainmhínithe ar an Treoir atá beartaithe.

Rinneadh sainmhíniú 'tréimhse oiliúna' a shimpliú chun go gciallódh sé tréimhse theoranta cleachtais oibre ina gcuimsítear gné mhór foghlama agus oiliúna, a dhéantar chun taithí ghairmiúil a fháil d'fhonn infhostaitheacht a fheabhsú agus aistriú gairmiúil a éascú. Déantar soiléiriú in Aithris 19 ar an tábhacht a bhaineann leis an ngné foghlama agus oiliúna de thréimhse oiliúna nuair a fhaigheann nó nuair a fheabhsaíonn oiliúnaithe riar scileanna, taithí phraiticiúil agus léargais thionsclaíocha agus ghairmiúla, d'fhonn iad a ullmhú do dheiseanna agus dúshláin ghairme amach anseo. Ar an ábhar sin, sonraítear in Aithris 19 freisin nár cheart a thuiscint gur tréimhsí oiliúna de réir bhrí na Treorach seo iad tréimhsí promhaidh a dhéantar faoi chuimsiú caidrimh fostaíochta mharthanacha.

Leasaíodh an sainmhíniú ar 'oiliúnaí' chun go gciallódh sé aon duine atá i mbun tréimhse oiliúna.

Ina theannta sin, cuimsíodh sainmhíniú nua ar 'tréimhse oiliúna bhréagach' sa téacs ar mhaithe le soiléireacht agus chun cur chun feidhme Chaibidil III a éascú. Ciallaíonn 'tréimhse oiliúna bhréagach' caidreamh fostaíochta faoi bhréagriocht a mhaíonn an fostóir gur tréimhse oiliúna é ach nach tréimhse oiliúna é i ndáiríre de réir bhrí na Treorach seo. Sa chiall sin, in Aithris 19b, ar aithris nua í, tarraingítear aird ar an bhfíoras go bhféadfadh sé nach mbainfeadh daoine aonair atá páirteach i dtréimhsí oiliúna bréagacha leas as an leibhéal iomchuí ceart agus cosanta a thugtar d'oibrithe faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, faoi chomhaontuithe comhcoiteanna nó sa chleachtas, rud a d'fhágfadh go mbeadh éiginnteacht dhlíthiúil agus dálaí oibre nach bhfuil chomh fabhrach céanna i gceist do na daoine sin.

Bunaithe ar iarraidh na dtoscaireachtaí ar shoiléireacht, baineadh na sainmhínithe ar 'gnáthchaidreamh fostaíochta' agus 'gnáthfhostaí' a bhí sa togra bunaidh ón gCoimisiún chun aon mhearbhall a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint. Ina n-ionad sin, tugadh isteach sainmhíniú ar 'fostaí inchomparáide' chun a léiriú cé leis ar cheart na hoiliúnaithe a chur i gcomparáid a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm phrionsabal an neamh-idirdhealaithe.

***Caibidil II: Cóir Chomhionann***

I gCaibidil II, leagtar síos prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus is é is aidhm di a áirithiú, i ndáil le dálaí oibre, lena n-áirítear pá, nach gcaitear le hoiliúnaithe ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le fostaithe inchomparáide, mura rud é go bhfuil údar le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla.

Chun éagsúlacht na samhlacha margaidh saothair san Aontas a léiriú agus chun neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú, tugtar isteach sa téacs nua rogha do na Ballstáit an chumhacht a thabhairt do chomhpháirtithe sóisialta, má chomhaontaíonn siad go comhpháirteach leis sin, seasamh le comhaontuithe comhchoiteanna lena mbunaítear na forais oibiachtúla a mheastar a bheith ina n-údar le cóir éagsúil d’oiliúnaithe, nó na comhaontuithe sin a thabhairt i gcrích. I gcás ar bith, mar a shonraítear in Aithris 22, ba cheart méid na córa éagsúla d’oiliúnaithe a bheith comhréireach leis na forais oibiachtúla agus comhsheasmhach le cuspóirí na Treorach seo i gcónaí.

I bhfianaise iarraidh na dtoscaireachtaí go n-urramófaí na hinniúlachtaí náisiúnta in ábhair a bhaineann le ‘pá’, déantar soiléiriú breise sa téacs gur cheart an coincheap ‘pá’ a thuiscint i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta i ngach Ballstát agus go bhféadfaí cúiteamh, bíodh sé ina chúiteamh airgid nó ina chúiteamh comhchineáil, a áireamh ann (Aithris 22).

*Caibidil III: Tréimhsí oiliúna bréagacha*

Tar éis an phlé leathain a rinneadh le linn na caibidlíochta sa Chomhairle, tugtar soiléireacht i gCaibidil III maidir le conas an dara cuspóir den Treoir a bhaint amach, is é sin tréimhsí oiliúna bréagacha a chomhrac.

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, luaitear in Airteagal 4 nach mór do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le bearta éifeachtacha chun tréimhsí oiliúna bréagacha a shainaithint agus a chomhrac. Chun aghaidh a thabhairt sa téacs ar iarrataí na dtoscaireachtaí éagsúlacht na gcóras náisiúnta a urramú, tugtar solúbthacht do na Ballstáit maidir le cinneadh na mbeart is ceart a dhéanamh chun gach tréimhse oiliúna bhréagach a chomhrac, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, rialuithe agus cigireachtaí.

Ina theannta sin, tugtar isteach le hAirteagal 5 an oibleagáid atá ar údaráis inniúla measúnú foriomlán a dhéanamh ar ghnéithe fíorasacha ábhartha chun tréimhsí oiliúna bréagacha a shainaithint. Agus foráil á déanamh maidir le solúbthacht d’údaráis inniúla chun an measúnú a dhéanamh, moltar roinnt gnéithe sa téacs a d’fhéadfaí a chur san áireamh, cuir i gcás easpa gné shuntasach foghlama agus oiliúna, fad iomarcach tréimhse oiliúna nó tréimhsí oiliúna iolracha nó leantacha leis an bhfostóir céanna, agus leibhéil na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí agus déine na hoibre i gcomparáid le fostaithe inchomparáide, etc.

I bhfianaise iarraidh na dtoscaireachtaí ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint, tugtar isteach solúbthacht sa téacs freisin maidir leis an bhfaisnéis is ceart d’fhostóirí a thabhairt do na húdaráis inniúla chun críocha an mheasúnaithe thuasluaite.

Chun cur chun feidhme éifeachtach na Treorach a áirithiú i gcreataí dlíthiúla éagsúla le haghaidh tréimhsí oiliúna sna Ballstáit, cuireadh deireadh leis an oibleagáid maidir le fad iomarcach tréimhse oiliúna a shainiú. Ina ionad sin, le hAithris 26a, ar aithris nua í, leagtar síos go meastar go ginearálta gur leor tréimhse suas le 6 mhí chun cuspóirí beartaithe tréimhse oiliúna a bhaint amach, agus aithnítear ag an am céanna go bhféadfadh cineálacha áirithe tréimhsí oiliúna maireachtáil ar feadh tréimhse is faide, ag brath ar a gcuspóir agus a n-earnáil.

*Caibidil IV: Forfheidhmiú agus bearta tacaíochta*

Is é is aidhm do Chaibidil IV a áirithiú go ndéanfar dlí ábhartha uile an Aontais is infheidhme maidir le hoibrithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go hiomlán i ndáil le hoiliúnaithe. Foráiltear sa téacs go mbeidh tuilleadh soiléireachta agus solúbthachta ann do na Ballstáit i ndáil le cur chun feidhme na mbeart forfheidhmiúcháin agus tacaíochta i gCaibidil IV chun sainiúlachtaí gach córais náisiúnta a urramú agus ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a sheachaint.

Faoi Chaibidil IV, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil bealaí i bhfeidhm d'oiliúnaithe chun sáruithe líomhnaithe ar chearta agus oibleagáidí faoin Treoir seo a thuairisciú (Airteagal 6). Ina theannta sin, tugtar isteach leis an téacs an fhéidearthacht d'ionadaithe oibrithe gníomhú thar ceann oiliúnaí nó chun tacú le hoiliúnaí i gcásanna sáraithe, más inghlactha de bhun an dlí nó an chleachtais náisiúnta (Airteagal 8).

*Caibidil V: Forálacha críochnaitheacha*

Déantar foráil sa Treoir seo maidir le comhchuibhiú íosta agus, dá bhrí sin, leagtar síos inti íoschaighdeáin do na Ballstáit. Sna forálacha críochnaitheacha, sonraítear nach foras bailí í an Treoir seo chun laghdú a dhéanamh ar an leibhéal ginearálta cosanta a thugtar d'oibrithe, lena n-áirítear oiliúnaithe, sna Ballstáit agus nach dochar í an Treoir seo do chearta eile a thugtar d'oibrithe le gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais.

Maidir leis an tuairisciú agus an t-athbhreithniú, beartaítear sa téacs nach mór don Choimisiún tuarascáil a tharraingt suas agus a thíolacadh maidir le cur chun feidhme na Treorach d'fhonn measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le bearta breise nó tuilleadh cosanta d'oiliúnaithe. Le haghaidh na tuarascála sin, ní mór don Choimisiún dul i gcomhairle leis na Ballstáit, le comhpháirtithe sóisialta agus le FBManna agus meastóireacht á déanamh aige ar chur chun feidhme na Treorach.

## IV. CONCLÚID

Iarrtar ar an gComhairle teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs comhréitigh mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é agus sainordú a thabhairt don Uachtaránacht dul i mbun caibidlíochta le hionadaithe Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcomhad.

**IARSCRÍBHINN**

2024/0068 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le dálaí oibre oiliúnaithe a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus maidir le tréimhsí oiliúna bréagacha a chomhrac ('An Treoir maidir le Tréimhsí Oiliúna')**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 153(2) pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (b), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

[1] IO C , , lch. .
[2] IO C , , lch. .
[3] Seasamh Pharlaimint na hEorpa an … [(IO …)/(nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil)] agus Cinneadh ón gComhairle an ….

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Moladh maidir le Creat Cáilíochta le haghaidh Tréimhsí Oiliúna[4] ('Moladh 2014') chun caighdeáin cháilíochta uile-Aontais a sholáthar le haghaidh tréimhsí oiliúna. I Moladh 2014 tá 21 phrionsabal le haghaidh na dtréimhsí oiliúna chun feabhas a chur ar a gcáilíocht, go háirithe chun ábhar ardcháilíochta foghlama agus oiliúna agus dálaí oibre leormhaithe a áirithiú chun tacú le haistrithe ón oideachas go dtí an obair agus chun infhostaitheacht na n-oiliúnaithe a mhéadú. Cumhdaítear gach tréimhse oiliúna le Moladh 2014 seachas iad siúd atá mar chuid de churaclaim an oideachais fhoirmiúil agus na hoiliúna foirmiúla agus iad siúd a rialaítear faoin dlí náisiúnta a bhfuil sé ina cheanglas sainordaitheach é iad a thabhairt chun críche chun rochtain a fháil ar ghairm shonrach.

(2) [scriosta]

(3) Leagtar amach Ráthaíocht threisithe don Óige sa Mholadh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc leis an bhFostaíocht[5] agus is é is aidhm di a áirithiú go bhfaighidh daoine óga faoi bhun 30 bliain d'aois tairiscint mhaith fostaíochta, oideachas leanúnach, printíseacht nó tréimhse oiliúna laistigh de 4 mhí tar éis dóibh a bheith dífhostaithe nó an t-oideachas a fhágáil. Is pointe tagartha tábhachtach é Moladh 2014 chun cáilíocht na dtairiscintí tréimhsí oiliúna faoin Ráthaíocht threisithe don Aos Óg a thomhas.

(4) Tá ganntanas saothair ann in go leor gairmeacha agus ar gach leibhéal scileanna. Meastar go rachaidh sin i méid leis an laghdú atá tuartha ar an daonra in aois oibre agus leis an éileamh atá ag méadú ar roinnt gairmeacha atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach. Cuireann rannpháirtíocht níos ísle daoine óga sa mhargadh saothair leis na ganntanais sin. D'fhéadfadh tréimhsí oiliúna ardcháilíochta a bheith ina gconair úsáideach uas-scilithe agus/nó athscilithe do dhaoine idir óg agus aosta chun scileanna praiticiúla a fháil sa phost chun dul isteach sa mhargadh saothair nó chun a ngairm a thabhairt i dtreo nua.

[4] IO C 88, 27.3.2014, lch. 1.
[5] Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal 'Droichead chun na Fostaíochta – Ráthaíocht don Óige a Threisiú' agus lena n- ionadaítear Moladh ón gComhairle an 22 Aibreán 2013 maidir le Ráthaíocht don Óige 2020/C 372/01 a bhunú (IO C 372, 4.11.2020, lch. 1).

(5) Le tréimhsí oiliúna, cuideofar le daoine taithí phraiticiúil agus ghairmiúil a fháil, a n-infhostaitheacht a fheabhsú, agus a n-aistriú chuig fostaíocht sheasmhach a éascú. Dá bhrí sin, is conair thábhachtach iad na tréimhsí oiliúna chun dul isteach sa mhargadh saothair. I gcás fostóirí, tugann tréimhsí oiliúna deiseanna chun daoine a mhealladh, a oiliúint agus a choinneáil. Is féidir leo an costas a bhaineann le baill foirne oilte a chuardach agus a earcú a laghdú, nuair a thairgtear gnáthphost d'oiliúnaithe tar éis a dtréimhsí oiliúna. Mar sin féin, ní féidir é sin a bhaint amach ach amháin má bhíonn tréimhsí oiliúna ar ardcháilíocht agus má chuirtear dálaí oibre cuibhiúla ar fáil leo.

(6) Tá dúshláin ann fós maidir le húsáid mhíchuí tréimhsí oiliúna, lena n-áirítear trí thréimhsí oiliúna bréagacha, a fhágann go bhfuil a gcearta iomlána faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta agus faoi chomhaontuithe comhchoiteanna á mbaint díobh agus go bhfuil an baol ann go sáinneofar iad i ndálaí oibre forbhásacha. Mar gheall ar thréimhsí oiliúna bréagacha, saobhtar an iomaíocht idir cuideachtaí trí fhostóirí a chomhlíonann na rialacha a chur faoi mhíbhuntáiste, bíonn dul timpeall ar oibleagáidí fioscacha agus slándála sóisialta fostóirí agus cuirtear in ionad poist bhuana iad. I gcásanna eile, seans nach gcomhlíonfadh fostóirí na ceanglais uile a eascraíonn as dlí an Aontais, as an dlí náisiúnta, comhaontuithe comhchoiteanna nó cleachtas comhchoiteann, rud a bhainfeadh a gcearta iomlána d'oiliúnaithe.

(7) Ina theannta sin, is beag seans go ndéanfaidh oiliúnaithe a gcearta a chosaint mar gheall ar a staid leochaileach sa mhargadh saothair. Tá easpa, castacht nó éagsúlacht na gcreataí rialála le haghaidh tréimhsí oiliúna i mBallstáit éagsúla mar aon le forfheidhmiú neamhleor na reachtaíochta náisiúnta agus an easpa inniúlachta maidir le rialuithe agus iniúchtaí, mar aon le heaspa soiléireachta maidir leis na húdaráis atá freagrach as rialú agus forfheidhmiú, i measc na bpríomhthosca as a n-eascraíonn úsáid mhíchuí na dtréimhsí oiliúna.

(8) Ar bhonn na fianaise atá ann, tá sciar mór oiliúnaithe faoi réir dálaí oibre nach bhfuil chomh fabhrach céanna i gcomparáid le fostaithe, lena n-áirítear dálaí maidir lena bpá, a n-uaireanta oibre, a dteidlíochtaí saoire, agus a rochtain ar threalamh.

(9) Ar leibhéal an Aontais, soláthraítear leis na hionstraimí dlí atá ann cheana creat chun oibrithe a chosaint, lena n-áirítear na treoracha maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha[6], pá íosta leormhaith[7], am oibre[8], sláinte agus sábháilteacht ag an obair[9], comhionannas agus neamh-idirdhealú[10], cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí[11], faisnéis agus comhairliúcháin le fostaithe[12], obair ar théarma seasta[13], obair pháirtaimseartha[14], postú oibrithe[15], agus maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach[16]. Tá feidhm iomlán ag an gcreat dlíthiúil seo maidir le hoiliúnaithe a bhfuil conradh fostaíochta acu nó atá i gcaidreamh fostaíochta mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm i ngach Ballstát, agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á chur san áireamh. Cuimsítear freisin le creat dlíthiúil an Aontais moltaí maidir le cáilíocht na dtréimhsí oiliúna[17] agus na bprintíseachtaí[18], agus maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe[19].

---

6 Treoir (AE) 2019/1152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le dálaí oibre trédhearcacha agus intuartha san Aontas Eorpach, IO L 186, 11.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1152/oj).

7 Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach (IO L 275, 25.10.2022, lch. 33).

8 Treoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre (IO L 299, 18.11.2003, lch. 9).

9 Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

10 I measc ionstraimí eile: Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).

11 Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí (IO L 188, 12.7.2019, lch. 79).

12 Treoir 2002/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 lena mbunaítear creat ginearálta chun fostaithe sa Chomhphobal Eorpach a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo — Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hionadaíocht fostaithe (IO L 80, 23.3.2002, lch. 29).

13 Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gcreat- chomhaontú maidir le hobair théarma shocraithe a thug CEC, Cónaidhm na nGnóthas Eorpach agus SGI Europe i gcrích (IO L 175, 10.7.1999, lch. 43).

14 Treoir 97/81/CE ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir leis an gCreat- Chomhaontú maidir le hobair pháirtaimseartha a thug Cónaidhm na nGnóthas Eorpach, SGI Europe agus CEC i gcrích - Iarscríbhinn: Creat- comhaontú maidir le hobair pháirtaimseartha (IO L 14, 20.1.1998, lch. 9).

15 Treoir (AE) 2018/957 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Meitheamh 2018 lena leasaítear Treoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar (IO L 173, 9.7.2018, lch. 16).

16 Treoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach (IO L 327, 5.12.2008, lch. 9).

17 Moladh ón gComhairle an 10 Márta 2014 maidir le Creat Cáilíochta le haghaidh Tréimhsí Oiliúna (IO C 88, 27.3.2014, lch. 1).

18 Moladh ón gComhairle an 15 Márta 2018 maidir le Creat Eorpach le haghaidh Printíseachtaí Ardcháilíochta agus Éifeachtacha (IO C 153, 2.5.2018, lch. 1).

19 Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe (IO C 387, 15.11.2019, lch. 1).

(10) I dTuarascáil mhí Bealtaine 2022 ar thoradh deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, cuireadh togra chun cinn i ndáil lena áirithiú go gcloífidh intéirneachtaí agus poist daoine óga le caighdeáin cháilíochta, lena n-áirítear caighdeáin maidir le pá, chomh maith le cosc a chur, trí ionstraim dlí, ar intéirneachtaí neamhíoctha ar an margadh saothair agus lasmuigh den oideachas foirmiúil.

(11) An 14 Meitheamh 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa rún de bhun Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) le moltaí don Choimisiún maidir le tréimhsí oiliúna ardchaighdeáin[20]. Ina rún, d'iarr sí ar an gCoimisiún 'Moladh 2014 ón gComhairle a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú agus ionstraim reachtach níos láidre a dhéanamh de'. Ina theannta sin, d'iarr sí ar an gCoimisiún prionsabail bhreise a chuimsiú i gcreat cáilíochta nuashonraithe le haghaidh tréimhsí oiliúna. Go sonrach, d'iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún 'treoir a mholadh maidir le tréimhsí oiliúna i margadh oscailte an tsaothair, tréimhsí oiliúna i gcomhthéacs beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair agus tréimhsí oiliúna ar cuid éigeantach den oiliúint ghairmiúil iad, chun íoschaighdeáin cháilíochta a áirithiú, lena n-áirítear rialacha maidir le tréimhse na dtréimhsí oiliúna, rochtain ar chosaint shóisialta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta chomh maith le luach saothair lena n-áirithítear caighdeán maireachtála cuibhiúil chun cleachtais dhúshaothraithe a sheachaint'.

(12) Rinne an Coimisiún comhairliúchán dhá chéim leis na comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais faoi Airteagal 154 CFAE maidir leis an ngá, na cuspóirí agus na conairí dlíthiúla le haghaidh gníomhaíocht a d'fhéadfaí a dhéanamh a chuirfeadh tuilleadh feabhais ar cháilíocht na dtréimhsí oiliúna. Ní raibh aon chomhaontú i measc na gcomhpháirtithe sóisialta chun dul i mbun caibidlíochta maidir leis na hábhair sin. Tá sé tábhachtach, áfach, gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais sa réimse seo tríd an gcreat atá ann faoi láthair maidir le tréimhsí oiliúna a oiriúnú agus toradh an chomhairliúcháin leis na comhpháirtithe sóisialta á gcur san áireamh ag an am céanna.

---

**20** Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Meitheamh 2023 le moltaí don Choimisiún maidir le tréimhsí oiliúna ardchaighdeáin san Aontas (IO C, C/2024/484, 23.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/484/oj).

(13) [scriosta]

(14) Le hAirteagal 153(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 153(1)(b) CFAE, cumhachtaítear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Treoracha a ghlacadh lena leagtar síos íoscheanglais maidir le dálaí oibre d'fhonn na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 151 CFAE a bhaint amach, mar atá, fostaíocht a chur chun cinn agus dálaí maireachtála agus oibre feabhsaithe.

(15) I bhfianaise na ndúshlán leanúnach maidir le húsáid mhíchuí tréimhsí oiliúna san Aontas, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun tréimhsí oiliúna bréagacha a chomhrac agus chun a áirithiú go ndéanfar dlí ábhartha an Aontais agus an dlí ábhartha náisiúnta is infheidhme a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go hiomlán i ndáil le hoiliúnaithe. Leis an Treoir seo, tugtar aghaidh ar na dúshláin sin trí íoscheanglais a leagan síos chun dálaí oibre oiliúnaithe san Aontas a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú agus chun tréimhsí oiliúna bréagacha a chomhrac, trí chreat comhchoiteann prionsabal agus beart a bhunú is gá chun cóir chomhionann a áirithiú agus chun dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta is infheidhme maidir le hoibrithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí.

(16) Ba cheart feidhm a bheith ag Caibidlí II agus IV den Treoir seo maidir le hoiliúnaithe a bhfuil conradh fostaíochta acu nó atá i gcaidreamh fostaíochta mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas, ar conradh é atá i bhfeidhm sna Ballstáit, agus cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á chur san áireamh. I gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá critéir bunaithe chun stádas oibrí a chinneadh, stádas a bheidh bunaithe ar anailís cás ar chás. Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bheith ag Caibidil III den Treoir seo maidir le haon duine atá ag gabháil do thréimhse oiliúna bhréagach.

(16a) Is sna córais náisiúnta oideachais agus oiliúna a chinnfear tréimhse oiliúna a aicmiú mar chuid den oideachas foirmiúil, agus struchtúir agus rialacháin shonracha na gcóras sin á gcur san áireamh. Mar gheall ar a gcreataí rialála sonracha agus ar na leasanna sonracha poiblí a shaothraíonn siad, níor cheart tréimhsí oiliúna a dhéantar faoi chuimsiú an chreata náisiúnta oideachais nó oiliúna a chumhdach leis an Treoir seo, mar shampla caidrimh ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, printíseachtaí agus tréimhsí oiliúna a dhéantar faoi chuimsiú an oideachais fhoirmiúil, lena n-áirítear iad siúd ar réamhriachtanas iad chun oideachas foirmiúil nó gairmoideachas agus gairmoiliúint a thosú agus iad siúd atá éigeantach chun céim nó cáilíocht shonrach a bhaint amach, tréimhsí oiliúna proifisiúnta mar a shainítear iad i dTreoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint[21].

(16b) Ba cheart tréimhsí oiliúna a dhéantar mar chuid de bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a eisiamh ó raon feidhme Chaibidlí II agus IV den Treoir seo mar gheall ar na creataí rialála sonracha atá acu atá ceaptha chun cuspóirí sóisialta agus margaidh saothair áirithe a bhaint amach agus mar gheall go bhfuil siad faoi réir formhaoirseacht phoiblí laistigh de na creataí sin.

(17) [scriosta]

(18) [scriosta]

21 Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/36/oj).

(19) Bíonn teorainn ama leis na tréimhsí oiliúna, bíonn gné shuntasach foghlama agus oiliúna i gceist leo agus déantar iad chun taithí phraiticiúil agus ghairmiúil a fháil. Tuigtear go bhfuil tábhacht ag baint leis an ngné foghlama agus oiliúna de chúrsaí oiliúna nuair a fhaigheann nó nuair a fheabhsaíonn oiliúnaithe tacar scileanna, taithí phraiticiúil, léargais thionsclaíocha agus ghairmiúla, d'fhonn infhostaitheacht a fheabhsú agus d'fhonn iad a ullmhú do dheiseanna agus do dhúshláin ghairme a bheidh rompu amach anseo.
I bhfianaise na ngnéithe sin, níor cheart a thuiscint mar oiliúnaithe faoin Treoir seo daoine a bhfuil orthu tréimhse phromhaidh a dhéanamh arb é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht faoi chuimsiú caidreamh fostaíochta buan (e.g. conradh neamhiata san earnáil phríobháideach nó sa státseirbhís reachtúil).

(19b) Ba cheart tréimhsí oiliúna bréagacha a thuiscint mar chaidrimh fostaíochta faoi bhréagriocht a maíonn an fostóir gur tréimhsí oiliúna iad ach nach gcomhlíonann gnéithe na dtréimhsí oiliúna mar a shainmhínítear sa Treoir seo. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh daoine aonair in ann leas a bhaint as an leibhéal iomchuí ceart agus cosanta a fhaigheann oibrithe faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, faoi chomhaontuithe comhchoiteanna nó cleachtas comhchoiteann, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le héiginnteacht dhlíthiúil agus dálaí oibre nach mbeadh chomh fabhrach céanna.

(20) Tá prionsabal an neamh-idirdhealaithe oiriúnach chun mí-úsáid tréimhsí oiliúna a chomhrac, cuir i gcas dálaí oibre nach bhfuil chomh fabhrach céanna nó pá níos ísle a thabhairt gan údar iomchuí d'oiliúnaithe inchomparáide i gcomparáid le fostaithe. Is féidir leis freisin cuidiú le cúrsaí oiliúna a dhéanamh níos inrochtana do ghrúpaí oibrithe atá i staid leochaileach agus inbhuanaitheacht cúrsaí oiliúna a fheabhsú mar bhealach chun deiseanna fostaíochta cobhsaí a bhaint amach.

(21) Is gá, dá bhrí sin, prionsabal an neamh-idirdhealaithe a leagan síos d'oiliúnaithe**,** ar cheart feidhm a bheith aige sa bhreis ar Chlásal 4 den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle[22], lena bhforáiltear, i leith coinníollacha fostaíochta, nach gcaithfear le hoibrithe ar théarma socraithe ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le hoibrithe buana inchomparáide toisc conradh ar théarma seasta nó caidreamh ar théarma seasta a bheith acu mura bhfuil údar le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla. Cáilíonn oibrithe a bhfuil caidreamh fostaíochta acu mar 'oibrithe ar théarma seasta' de réir bhrí na Treorach sin. Mar sin féin, leis an gclásal atá ann maidir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe, ní cheadaítear comparáid a dhéanamh le hoibrithe eile ar théarma seasta. Ina theannta sin, ní aithnítear leis an staid leochaileach ina mbíonn oiliúnaithe. Dá bhrí sin, is gá a áirithiú go mbeidh feidhm ag prionsabal na córa comhionainne le fostaithe inchomparáide maidir le hoiliúnaithe a bhfuil caidreamh fostaíochta acu.

(22) Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i leith dálaí oibre lena n-áirítear pá, nach gcaitear le hoiliúnaithe ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le fostaithe inchomparáide sa bhunaíocht chéanna, mura rud é go bhfuil údar le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla. Chun críche na Treorach seo, ba cheart 'pá' a thuiscint i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna agus cleachtas náisiúnta i ngach Ballstát agus féadfar cúiteamh in airgead tirim nó cúiteamh comhchineáil a áireamh ann. Ní féidir gurb ionann a bheith i d'oiliúnaí agus foras le haghaidh cóir nach bhfuil chomh fabhrach céanna i gcomparáid le fostaithe sa bhunaíocht chéanna. An tráth céanna, féadfaidh cúraimí éagsúla, freagrachtaí níos ísle nó déine oibre i ndáil le fostaithe inchomparáide a bheith ina bhforas oibiachtúil le haghaidh cóir éagsúil, i gcás inarb ábhartha, maidir leis an gcoinníoll nó na coinníollacha fostaíochta atá i gceist, lena n-áirítear pá. Féadfaidh na Ballstáit, i gcás ina bhfuil sé inghlactha de bhun an dlí náisiúnta nó an chleachtais náisiúnta agus i gcás ina gcomhaontaíonn na comhpháirtithe sóisialta go comhpháirteach, an rogha a thabhairt do chomhpháirtithe sóisialta na forais oibiachtúla a bhunú trí chomhaontuithe comhchoiteanna a d'fhéadfadh údar a thabhairt le caitheamh ar bhealach éagsúil le hoiliúnaithe. In aon chás, ba cheart méid na córa éagsúla a bheith comhréireach leis na forais oibiachtúla sin agus comhsheasmhach le cuspóirí na Treorach seo i gcónaí.

---

[22] Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gcreat- chomhaontú maidir le hobair ar théarma seasta a rinne CEC, UNICE agus CEEP (IO L 175, 10.7.1999, lch. 43) ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1999/70/oj).

(23) Chun prionsabal an neamh-idirdhealaithe a chur i bhfeidhm, ní mór fostaí inchomparáide atá ag gabháil d'obair nó do ghairm den chineál céanna nó de chineál comhchosúil leis an oiliúnaí a shainaithint, agus aird chuí á tabhairt ar imthosca dála taithí phroifisiúnta, cáilíochtaí agus ar scileanna mar a shainaithnítear sa dlí náisiúnta nó i gcomhaontuithe comhchoiteanna iad.

(24) [scriosta]

(25) Ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le bearta éifeachtacha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, rialuithe agus cigireachtaí arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla, chun tréimhsí oiliúna bréagacha a shainaithint agus a chomhrac. I gcás inarb iomchuí, agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, d'fhéadfadh na Ballstáit na tascanna a bhaineann le tréimhsí oiliúna bréagacha a shainaithint agus a chomhrac a chur de chúram ar chomhpháirtithe sóisialta freisin.

(26) Ba cheart an measúnú chun tréimhsí oiliúna bréagacha a shainaithint agus a chomhrac a bheith bunaithe ar na himthosca fíorasacha agus ní ar ainmniú foirmiúil an chaidrimh chonarthaigh. Ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú foriomlán a dhéanamh ar na gnéithe ábhartha fíorasacha uile ar bhonn cás ar chás.

(26a) Cé go bhféadfadh fad iomchuí tréimhse oiliúna a bheith éagsúil ag brath ar chuspóir na tréimhse sin agus ar an earnáil ina bhfuil sí, meastar i gcoitinne, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, gur leor suas le 6 mhí chun na cuspóirí atá beartaithe leis an tréimhse oiliúna a bhaint amach. Dá mbeadh an tréimhse i bhfad níos faide, go háirithe i gcás ina ndéantar níos mó ná tréimhse oiliúna amháin as a chéile leis an soláthraí céanna, d'fhéadfadh imní a bheith ann maidir le fíorchineál na tréimhse oiliúna agus ba cheart measúnú cúramach a dhéanamh ar na cásanna sin. I gcásanna áirithe, áfach, d'fhéadfadh tréimhse níos faide a bheith iomchuí dá dtacódh sé le cuspóir na tréimhse oiliúna.

(26b) Chun an measúnú a dhéanamh ar na gnéithe fíorasacha ábhartha uile, féadfaidh na húdaráis inniúla na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh: comhpháirt mhór foghlama nó oiliúna a bheith in easnamh; tréimhse oiliúna rófhada nó roinnt tréimhsí oiliúna a bheith á ndéanamh an duine céanna as a chéile leis an bhfostóir céanna; leibhéil na gcúraimí, na bhfreagrachtaí agus déine na hoibre. Féadfaidh na húdaráis inniúla gnéithe eile atá sa dlí nó sa chleachtas náisiúnta a chur san áireamh.

(27) [scriosta]

(28) Nuair a dhéanann na húdaráis inniúla anailís ar na gnéithe ábhartha fíorasacha go léir chun tréimhsí oiliúna bréagacha a shainaithint agus a chomhrac, d'fhéadfadh sé nach mbeadh rochtain éasca acu i gcónaí ar an bhfaisnéis is gá chun an anailís sin a dhéanamh. Chun go mbeadh na húdaráis inniúla in ann a gcúraimí a dhéanamh, ba cheart oibleagáid a bheith ar fhostóirí an fhaisnéis is gá atá ina seilbh a chur ar fáil do na húdaráis sin arna iarraidh sin dóibh. Tá sé ríthábhachtach go n-áiritheofaí rochtain ar an bhfaisnéis sin chun go mbeadh na húdaráis inniúla in ann a chinneadh an n-úsáidtear tréimhse oiliúna i gcomhréir leis an gcríoch a bheartaítear nó an bhféadfadh sé gur tréimhse oiliúna bréagach í.

(28a) Féadfar sonraí a áireamh san fhaisnéis sin maidir le líon na n-oiliúnaithe arna n-óstáil ag an bhfostóir agus a stádas fostaíochta i gcomparáid le líon iomlán na bhfostaithe. Féadfar fad na dtréimhsí oiliúna a chumhdach leis an bhfaisnéis sin freisin, chomh maith le cineál na gcúraimí agus na bhfreagrachtaí a shanntar d'oiliúnaithe i gcomparáid leis na cinn a dhéanann fostaithe inchomparáide.

(29) [scriosta]

(30) [scriosta]

(31) Sa bhreis ar an Treoir seo, ba cheart do na Ballstáit cur chun feidhme agus forfheidhmiú iomlán na gceart a chumhdaítear in *acquis* an Aontais is infheidhme maidir le hoiliúnaithe atá i gcaidreamh fostaíochta a áirithiú. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit cumas na n-údarás inniúil a fhorbairt, i gcás inarb iomchuí de réir cur chuige rioscabhunaithe.

(32) Tá córas cuimsitheach forálacha sa Treoir seo chun go n-áiritheofar forfheidhmiú éifeachtach agus cosaint chearta na n-oiliúnaithe atá i gcaidreamh fostaíochta, cibé acu a eascraíonn siad as an Treoir seo nó as dlí eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le hoibrithe. Is féidir tacú le hoiliúnaithe a gcearta saothair a fhorfheidhmiú trí bhealaí a chur ar fáil dóibh chun sáruithe líomhnaithe a eascraíonn as forfheidhmiú na Treorach seo a thuairisciú. Is féidir bealaí atá ann cheana a úsáid chuige sin freisin.

(33) Ba cheart rochtain a bheith ag oiliúnaithe ar réiteach díospóidí éifeachtach neamhchlaonta agus ar cheart chun sásaimh, lena n-áirítear cúiteamh leormhaith. Ba cheart oiliúnaithe a chur ar an eolas faoi na sásraí sásaimh chun a gceart chun sásaimh a fheidhmiú. Ag féachaint do chineál bunúsach an chirt chun cosaint dlí éifeachtach a fháil, ba cheart go leanfadh oiliúnaithe den chosaint sin a bheith acu fiú nuair a bheidh deireadh leis an tréimhse oiliúna lena mbaineann líomhain gur sáraíodh cearta faoin Treoir seo.

(34) Chun cosanta níos éifeachtaí a thabhairt d'oiliúnaithe, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh ionadaithe na n-oibrithe in ann páirt a ghlacadh, i gcomhréir leis an dlí nó leis an gcleachtas náisiúnta, in aon imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha ábhartha chun aon cheann de na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a chosaint nó a fhorfheidhmiú. I gcás ina bhfuil caingean mar sin inghlactha de bhun an dlí náisiúnta nó an chleachtais náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh ionadaithe oibrithe in ann gníomhú thar ceann oiliúnaí nó a bheith in ann tacú leis nó léi. Na Ballstáit sin nach gceadaíonn d'ionadaithe oibrithe gníomhú thar ceann oiliúnaithe nó tacú leo, níor cheart ceangal a bheith orthu é a dhéanamh.

(35) Ba cheart cosaint bhreithiúnach agus riaracháin leormhaith a thabhairt d'oiliúnaithe ar aon chóir dhíobhálach agus ar aon iarmhairt dhíobhálach mar fhreagairt ar aon ghearán a chuirtear faoi bhráid an fhostóra nó mar thoradh ar aon imeacht a thionscnaítear chun na hoibleagáidí a fhorfheidhmiú agus na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo a éileamh. Go háirithe, ba cheart oiliúnaithe atá i gcaidreamh fostaíochta a chosaint ar dhífhostú nó ar a choibhéis agus ar na hullmhúcháin uile chun oibrithe a dhífhostú nó ar a choibhéis chun na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo a fheidhmiú.

(36) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir le pionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha i leith sáraithe na gceart dá bhforáiltear i raon feidhme na Treorach seo. Is féidir a áireamh ar phionóis pionóis riaracháin agus airgeadais, mar shampla fíneálacha nó cúiteamh a íoc, mar aon le cineálacha eile pionós.

(37) Leis an Treoir seo, leagtar síos ceanglais íosta, sa chaoi nach ndéantar aon athrú ar shaincheart na mBallstát forálacha níos fabhraí a choinneáil nó a thabhairt isteach. Ba cheart go mbeadh feidhm fós ag cearta a fuarthas faoin gcreat reachtúil atá ann cheana, mura dtugtar forálacha níos fabhraí isteach leis an Treoir seo.

(38) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(39) Agus an Treoir seo á cur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit staonadh ó shrianta riaracháin, airgeadais agus dlíthiúla nach bhfuil gá leo a fhorchur, go háirithe má chuireann siad sin bac ar bhunú agus ar fhorbairt micrifhiontar agus fiontar beag agus meánmhéide. Moltar do na Ballstáit, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag a mbearta trasuite ar na fiontair sin chun a áirithiú nach ndéanfar difear díréireach dóibh, agus aird ar leith á tabhairt ar mhicrifhiontair agus ar an ualach riaracháin, torthaí na measúnuithe sin a fhoilsiú, agus tacaíocht a sholáthar do na fiontair sin de réir mar is gá.

(40) Féadfaidh na Ballstáit cur chun feidhme na Treorach seo a chur de chúram ar na comhpháirtithe sóisialta, i gcás ina n-iarrann na comhpháirtithe sóisialta go comhpháirteach é sin a dhéanamh**,** agus ar choinníoll go ndéanann na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go bhféadfaidh siad na torthaí arna lorg faoin Treoir seo a ráthú i gcónaí. Ba cheart dóibh freisin, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus leis an gcleachtas náisiúnta, bearta leormhaithe a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach go héifeachtach agus chun an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus a fheabhsú d'fhonn forálacha na Treorach seo a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

# Caibidil I

# Forálacha coiteanna

*Airteagal 1*

*Ábhar*

Leis an Treoir seo, leagtar síos creat coiteann prionsabal agus beart chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) dálaí oibre oiliúnaithe a chumhdaítear faoin Treoir seo a fheabhsú agus a fhorfheidhmiú; agus

b) tréimhsí oiliúna bréagacha a chomhrac.

*Airteagal 1a*

*Raon feidhme*

1. Chun críocha Chaibidlí II agus IV, beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le hoiliúnaithe a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta acu mar a shainmhínítear sa dlí, i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó sa chleachtas atá i bhfeidhm sa Bhallstát, agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais á chur san áireamh, agus nach bhfuil a dtréimhse oiliúna éigeantach agus nach dtugtar fúithi mar chuid de bheartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair.

1a. Chun críocha Chaibidil III, beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le haon duine a bhfuil tréimhse oiliúna bréagach á déanamh aige.

2. Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le tréimhsí oiliúna a dhéantar faoin gcreat náisiúnta oideachais nó oiliúna.

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'tréimhse oiliúna' tréimhse theoranta cleachtais oibre lena gcuimsítear comhpháirt mhór foghlama agus oiliúna, a dhéantar chun taithí phraiticiúil agus ghairmiúil a fháil d'fhonn infhostaitheacht a fheabhsú agus aistriú gairmiúil a éascú;

(b) ciallaíonn 'oiliúnaí' aon duine a thugann faoi thréimhse oiliúna.

(c) [scriosta]

(d) [scriosta]

(e) ciallaíonn 'fostaí inchomparáide' duine ag a bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta sa bhunaíocht chéanna, duine nach bhfuil ag tabhairt faoi thréimhse oiliúna agus atá i mbun na hoibre nó na slí beatha céanna nó i mbun obair nó slí bheatha chomhchosúil, agus aird chuí á tabhairt ar imthosca dála taithí ghairmiúil, cáilíochtaí agus scileanna.

(f) ciallaíonn 'tréimhse oiliúna bréagach' caidreamh fostaíochta faoi bhréagriocht a mhaíonn an fostóir gur tréimhse oiliúna é ach nach tréimhse oiliúna é de réir bhrí na Treorach seo.

# Caibidil II
# Cóir chomhionann

*Airteagal 3*

*Prionsabal an neamh-idirdhealaithe*

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i leith dálaí oibre lena n-áirítear pá, nach gcaitear le hoiliúnaithe ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna le fostaithe inchomparáide, mura rud é go bhfuil údar le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla, cuir i gcás cúraimí éagsúla, níos lú freagrachtaí, obair níos déine nó ualach níos troime i ndáil leis an gcomhpháirt 'foghlaim agus oiliúint'.

2. I gcás nach bhfuil aon fhostaí inchomparáide sa bhunaíocht chéanna, déanfar an chomparáid faoi threoir an chomhaontaithe chomhchoitinn is infheidhme, nó i gcás nach bhfuil aon chomhaontú comhchoiteann is infheidhme ann, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta.

3. Féadfaidh na Ballstáit, má chomhaontaíonn na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta go comhpháirteach, rogha a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta, ar an leibhéal iomchuí agus faoi réir na gcoinníollacha arna leagan síos ag na Ballstáit, seasamh le comhaontuithe comhchoiteanna lena mbunaítear na forais oibiachtúla a mheastar a thugann údar le cóir éagsúil, nó iad a thabhairt i gcrích, i gcomhréir le mír 1.

## Caibidil III

## Tréimhsí oiliúna bréagacha

*Airteagal 4*

*Bearta chun tréimhsí oiliúna bréagacha a chomhrac*

Forálfaidh na Ballstáit do bhearta éifeachtacha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, rialuithe agus cigireachtaí arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun tréimhsí oiliúna bréagacha a shainaithint agus a chomhrac.

*Airteagal 5*

*Measúnú ar thréimhsí oiliúna bréagacha*

1. Chun tréimhse oiliúna bréagach a shainaithint, déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú foriomlán ar na gnéithe fíorasacha ábhartha, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta. Féadfar na gnéithe seo a leanas, i measc nithe eile, a chur san áireamh sa mheasúnú sin:

(a) comhpháirt mhór foghlama nó oiliúna a bheith in easnamh;

(b) tréimhse oiliúna rófhada nó roinnt tréimhsí oiliúna airbheartaithe agus/nó tréimhsí oiliúna airbheartaithe a dhéanann an duine céanna as a chéile leis an bhfostóir céanna;

(c) leibhéil choibhéiseacha na gcúraimí, na bhfreagrachtaí agus déine na hoibre le hais fostaithe inchomparáide;

(d) [scriosta]

(e) [scriosta]

(f) [scriosta]

2. Chun críoch an mheasúnaithe dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh fostóirí, arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla, an fhaisnéis is gá ar fáil dóibh.

(a) [scriosta]

(b) [scriosta]

(c) [scriosta]

(d) [scriosta]

(e) [scriosta]

3. [scriosta]

# Caibidil IV

# Forfheidhmiú agus bearta tacaíochta

*Airteagal 6*

*Dlí ábhartha an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú*

Déanfaidh na Ballstáit bearta éifeachtacha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta chun a áirithiú go ndéanfar dlí ábhartha uile an Aontais is infheidhme maidir le hoibrithe a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go hiomlán maidir le hoiliúnaithe freisin. Déanfaidh siad na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) a áirithiú go mbeidh faisnéis faoi chearta oiliúnaithe ar fáil go poiblí ar bhealach soiléir, cuimsitheach inrochtana;

(b) treoir a fhorbairt d'fhostóirí oiliúnaithe maidir leis an gcreat dlíthiúil le haghaidh tréimhsí oiliúna, lena n-áirítear leibhéal leordhóthanach faisnéise faoi ghnéithe ábhartha dhlí an tsaothair agus na cosanta sóisialta;

(c) foráil a dhéanamh maidir le bearta éifeachtacha, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, rialuithe agus cigireachtaí arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla, chun dlí ábhartha an tsaothair a fhorfheidhmiú maidir le hoiliúnaithe;

(d) [scriosta]

(e) cumais na n-údarás inniúil a fhorbairt, go háirithe trí oiliúint agus treoir, chun díriú go réamhghníomhach ar fhostóirí nach gcomhlíonann na rialacha agus dul sa tóir orthu;

(f) a áirithiú, i gcomhar leis na húdaráis inniúla nó leis na comhpháirtithe sóisialta, go bhfuil bealaí ann trína féidir le hoiliúnaithe sáruithe líomhnaithe na gceart agus na n-oibleagáidí faoin Treoir seo a thuairisciú, agus faisnéis a chur ar fáil faoi na bealaí sin.

*Airteagal 7*

*An ceart chun sásaimh*

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag oiliúnaithe, lena n-áirítear na hoiliúnaithe sin a bhfuil deireadh tagtha lena gcaidreamh fostaíochta, ar phróiseas réitigh díospóidí éifeachtach neamhchlaonta agus ar cheart chun sásaimh, lena n-áirítear cúiteamh leordhóthanach as an damáiste a rinneadh, i gcás sáruithe ar a gcearta de dhroim na Treorach seo.

*Airteagal 8*

*Nósanna imeachta ceaptha ag ionadaithe na n-oibrithe*

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ionadaithe oibrithe in ann páirt a ghlacadh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas náisiúnta, in aon nós imeachta breithiúnach nó riaracháin ábhartha chun na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an Treoir seo a fhorfheidhmiú agus go mbeidh siad in ann gníomhú, i gcás ina bhfuil siad inghlactha de bhun an dlí náisiúnta nó an chleachtais náisiúnta, thar ceann oiliúnaí nó chun tacú leis nó léi i gcás sárú ar aon cheart nó oibleagáid a eascraíonn as an Treoir seo, le cead ón oiliúnaí.

*Airteagal 9*

*Cosaint ar chóir dhíobhálach agus ar iarmhairtí díobhálacha*

1. Tabharfaidh na Ballstáit isteach na bearta is gá chun oiliúnaithe nó a n-ionadaithe a chosaint ar aon chóir dhíobhálach a dhéanann fostóir agus ar aon iarmhairtí díobhálacha a eascraíonn as gearán a cuireadh faoi bhráid an fhostóra nó as aon imeacht a thionscnaítear chun comhlíonadh na gceart agus na n-oibleagáidí dá bhforáiltear sa Treoir seo a fhorfheidhmiú.

2. Go háirithe, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun dífhostú oibrithe nó a choibhéis, agus na hullmhúcháin uile a dhéantar chun oibrithe a dhífhostú nó a choibhéis, a thoirmeasc ar an bhforas gur fheidhmigh siad na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo.

3. Oiliúnaithe a mheasann gur dífhostaíodh iad, nó go raibh siad faoi réir bearta a raibh an éifeacht chéanna ag baint leo, féadfaidh siad, ar na forais gur fheidhmigh siad na cearta dá bhforáiltear sa Treoir seo, a iarraidh ar an bhfostóir forais chuí-réasúnaithe leis an dífhostú, nó na bearta coibhéiseacha, a chur ar fáil. Cuirfidh an fostóir na forais sin ar fáil i scríbhinn.

4. I gcás ina suífidh na hoiliúnaithe dá dtagraítear i mír 3, os comhair cúirte nó údarás nó comhlacht inniúil eile, fíorais lenar féidir a thoimhdiú go ndearnadh oiliúnaí a dhífhostú ar an gcaoi sin nó go raibh bearta coibhéiseacha ann, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gur faoin bhfostóir a bheidh sé a chruthú go raibh an dífhostú nó bearta coibhéiseacha bunaithe ar fhorais seachas na forais dá dtagraítear i mír 2.

5. Ní bheidh sé de cheangal ar na Ballstáit mír 4 a chur i bhfeidhm maidir le himeachtaí ar faoin gcúirt nó faoin údarás nó comhlacht inniúil eile atá sé fíorais an cháis a imscrúdú.

6. Ní bheidh feidhm ag mír 4 maidir le himeachtaí coiriúla, mura bhforáiltear dá mhalairt sa Bhallstát.

*Airteagal 10*

*Pionóis*

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme i leith sáruithe ar fhorálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo nó ar na forálacha ábhartha atá i bhfeidhm cheana maidir le cearta a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

## Caibidil V

## Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 11*

*Neamh-chúlchéimniú agus forálacha níos fabhraí*

1. Ní fhorléireofar aon fhoráil sa Treoir seo mar fhoráil lena laghdófar an chosaint a thugtar d'oibrithe le hionstraimí eile de dhlí an Aontais, den dlí náisiúnta, de chomhaontuithe comhchoiteanna nó de chleachtas.

2. Ní bheidh cur chun feidhme na Treorach seo ina fhoras bailí chun leibhéal ginearálta na cosanta a thugtar cheana féin d'oibrithe, lena n-áirítear oiliúnaithe, a laghdú laistigh de na Ballstáit.

3. Ní dhéanfaidh an Treoir seo difear do shaincheart Ballstáit dlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin atá níos fabhraí d'oibrithe a chur i bhfeidhm nó a thabhairt isteach, nó spreagadh nó cead a thabhairt comhaontuithe comhchoiteanna atá níos fabhraí d'oibrithe a chur i bhfeidhm. Ag an am céanna, níor cheart aon ghné den Treoir seo a fhorléiriú mar ghné lena bhforchuirtear oibleagáid ar na Ballstáit caidreamh fostaíochta sonrach d'oiliúnaithe a thabhairt isteach ina ndlí náisiúnta.

3a. Tá an Treoir seo gan dochar do chearta eile a thugtar d'oibrithe trí ghníomhartha eile dlí an Aontais.

*Airteagal 12*

*Trasuí agus cur chun feidhme*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh faoin [2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

2. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta dá dtagraítear i mír 1, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh an tagairt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an bealach a ndéanfar na tagairtí sin.

3. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

4. Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta agus lena gcleachtas náisiúnta, bearta leormhaithe chun a áirithiú go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach go héifeachtach agus chun an t-idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus a fheabhsú d'fhonn an Treoir seo a chur chun feidhme.

5. Féadfaidh na Ballstáit cur chun feidhme na Treorach seo a chur de chúram ar na comhpháirtithe sóisialta, i gcás ina n-iarrfaidh na comhpháirtithe sóisialta é sin go comhpháirteach agus ar choinníoll go ndéanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú gur féidir leo na torthaí atá á lorg faoin Treoir seo a ráthú i gcónaí.

*Airteagal 13*

*Tuairisciú agus athbhreithniú*

1. Faoin [7 mbliana tar éis an dáta a thiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm], cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún an fhaisnéis ábhartha a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach seo atá de dhíth ar an gCoimisiún chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 2 a tharraingt suas. Cuimseofar san fhaisnéis ábhartha sin sonraí maidir le tréimhsí oiliúna chun gur féidir monatóireacht agus measúnú cuí a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach seo.

2. Faoin [8 mbliana tar éis an dáta a thiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm], déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus leis na comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an Aontais agus an tionchar ar mhicrifhiontair, ar fhiontair bheaga agus ar fhiontair mheánmhéide á chur san áireamh aige, tuarascáil ar chur chun feidhme na Treorach seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar an gcaoi ar cuireadh an Treoir seo chun feidhme agus measfar an gá atá le bearta breise, d’fhonn cosaint níos fearr a thabhairt d’oiliúnaithe. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil, más iomchuí.

*Airteagal 14*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

*Airteagal 15*

*Seolaithe*

Dírítear an Treoir seo ar na Ballstáit.

Arna dhéanamh i, in, sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*